C/2024/7431

12.12.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11810 – ADRILL / ADH / DEEP WELL SERVICES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7431)

1. An 4 Nollaig 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— ADNOC Drilling Company P.J.S.C. ('ADRILL', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), faoi rialú an eintitis atá faoi úinéireacht an Stáit Abu Dhabi National Oil Company P.J.S.C. ('ADNOC', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Alpha Dhabi Holding P.J.S.C. ('ADH', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Deep Well Services Holdings L.L.C. ('DWS', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh ADRILL agus ADH comhrialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar DWS ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Oibreoir seirbhíse druileála agus olacheantair ar tír agus amach ón gcósta is ea ADRILL, atá ina chuid de líonra comhtháite gnólachtaí ADNOC a oibríonn ar fud an tslabhra luacha,

— Is cuideachta infheistíochta é ADH, agus tá cuideachtaí sealbhaíochta aige a fheidhmíonn in earnálacha an chúraim sláinte, an fhuinnimh in-athnuaite, na bpeitriceimiceán, agus i dtionscail éagsúla eile, lena n-áirítear an réadmhaoin, an tógáil agus an fáilteachas,

— Oibríonn DWS san earnáil seirbhísí olacheantair, ag speisialú in oibríochtaí críochnaithe agus idirghabhála ardbhrú, cliathánach fada agus il-toibreacha. Soláthraíonn sé píosaí trealaimh speisialaithe atá deartha chun tascanna críochnaithe agus idirghabhála a dhéanamh, amhail glantachán tobair, oibríochtaí iascaireachta, agus dalláin a bhaint.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11810 – ADRILL / ADH / DEEP WELL SERVICES

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË